



Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2013

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

Tíreolaíocht
Aonad Measúnaithe AS 1
ag measúnú
Tíreolaíocht Fhisiceach
[AG111]



DÉ HAOINE 7 MEITHEAMH, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Roinn A: ní mór d'iarrthóirí an roinn seo a fhreagairt.

Roinn B: freagair **gach** ceann de na **3** cheist sa roinn seo.

Roinn C: freagair **dhá** cheist ar bith as an roinn seo.

Ba chóir duit do fhreagraí a scríobh sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Ag deireadh an scrúdaithe seo ceangail achoimre do shaothair allamuigh agus an tábla sonraí go daingean den pháipéar seo ag úsáid an scoráin chomhaid atá ar fáil.

Don Scrúdaitheoir
amháin

Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna uile.

Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Roinn A


Freagair an roinn seo

Achoimre ar shaothar allamuigh agus tábla sonraí a tugadh isteach

Ag deireadh an scrúdaithe ní mór iad seo a cheangal go daingean den pháipéar seo ag úsáid an scoráin chomhaid atá ar fáil.

- 1 (a) Déan staidéar ar **Áis 1A** thíos, ina bhfuil liosta tascanna a chuir tíreolaí le chéile agus staidéar allamuigh á phleanáil. Roghnaigh **dhá** thasc ón liosta agus pléigh an dóigh ar cuireadh i gcríoch iad mar chuid de **do** shaothar allamuigh.

Áis 1A



Foinse: Príomhscrúdaitheoir

[6]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (b) (i) Déan idirdhealú idir foinsí príomhúla sonrai agus foinsí tanaisteacha sonrai.

[2]

- (ii) Cuir síos ar agus measúnaigh modh bailithe sonrai príomhúil **amháin** acu siúd a úsáideadh le sonrai a tháirgeadh atá ar taispeáint sa tábla a chuir tú isteach.


[5]

Scrúdaitheoir Amháin	Athmharc
Marcanna	

- (c) (i) Úsáid cuid de na sonraí, nó na sonraí uilig, as do thábla, le graf a tharraingt atá ábhartha do chuspóir an tsaothair allamuigh agat.
Ba chóir an graf a léiriú go cruinn ar an ghráfpháipéar thíos. [7]

Teideal an Ghraif _____

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

A large rectangular grid of small squares, intended for drawing a scatter plot or graph. It consists of approximately 20 columns and 25 rows of squares.

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar, agus mínígh, toisc thíreolaíoch **amháin** a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na torthaí atá léirithe ar do ghraf.

[4]

- (d) Mínígh an fheidhm atá le hanailís staitistiúil in imscrúdú saothar allamuigh agus pléigh an fáth a raibh an modh staitistiúil a roghnaigh tú fóirsteanach don saothar allamuigh agat.


[6]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Roinn B

Freagair gach ceann de na 3 cheist sa roinn seo.

- 2 (a) Déan staidéar ar **Áis 2A**, a léiríonn an éifeacht a bhí ag athrú ar úsáid talaimh in abhantrach draenála Abhainn Coalburn, ar an taobh thoir thuaidh de Carlisle i dtuaisceart Shasana. Sa cheantar ardtalaimh seo, cuireadh foraoiseacht fáschoille in áit féarach garbh.



© Institute of Hydrology Report Number 133 page 56 Fig. 26 by M Robinson, R E Moore,
T R Nisbet & J R Blackie, 1998, published by the Centre for Ecology and Hydrology

Faisnéis as **Áis 2A** in úsáid agat, cuir síos ar, agus mínígh, na hathruithe ar **stórais** agus ar **aistrithe** (thraschurthaí) san abhantrach draenála seo le himeacht aimsire.


[6]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b) Déan staidéar ar **Áis 2B** a thaispeánann patrún lúibe atá ag athrú le himeacht aimsire ar chuid d'Abhainn Mississippi in SAM (USA).

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Áis 2B



Adapted from: © <http://projects.cie.org.uk/banglao/textbook/mississippimeanders/files/drainage.htm>
Reproduced by permission of the Cambridge International Examinations

Cuir síos ar an phatrún atá ag athrú agus mínigh próisis na habhann a mbíonn na lúba seo á ndéanamh acu.

[6]

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

- 3 (a) Déan staidéar ar **Áis 3A**, ar leathanach 11, a thaispeánann frasaíocht sa séasúr fáis agus roinnt modhanna caomhnaithe ithreach a úsáidtear i dtrí chúige de chuid Fhéarthalite Cheanada, an t-éiceachóras féaraigh meán-domhanleithid é.

- (i) Cé acu cúige a fhagheann an méid is mó frasaíochta sa séasúr fáis?





_____ [1]

- (ii) Cuir minice na modhanna caomhnaithe ithreach a bhíonn á roghnú ag feirmeoirí i gcúige **amháin** ar bith i gcomparáid lena chéile agus mínígh cad chuige ar gá an t-éiceachóras seo a bhainistiú.

 _____ [6]


Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Ais 3A



- (b) Déan staidéar ar **Áis 3B**, a thaispeánann cion an fhuinnimh atá stóráilte taobh istigh de leibhéal thrófacha bhiashlabhra.

Áis 3B



© Stephen Claydon - ScienceAid

Cuir síos ar aistriú (thraschur) an fhuinnimh sa bhiashlabhra seo agus mínigh an dóigh a gcailltear fuinneamh ón chóras.


Scrúdaitheoir	Amháin
Marcanna	Athmharc

[5]

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

- 4 (a) Déan staidéar ar **Áis 4A** a thaispeánann samhail **ghinearálta** d'inchur domhanda grianfhuinnimh.



© Modern Physical Geography – Fourth edition by A H Strahler and A N Strahler, published by John Wiley & Sons, 1992. ISBN 0471533920. Reproduced by permission of Mr A H Strahler.

- (i) Comhlánaigh an bosca in **Áis 4A** leis an chéatadán den fhuinneamh atá ar fáil le hionsú ag dromchla an talaimh a thaispeáint. [1]
- (ii) Tabhair breac-chuntas ar fháth **amháin** a mbeadh éagsúlachtaí ó áit go háit i gcéatadán an fhuinnimh a gheofaí ag dromchla an talaimh.
-
-
-
-

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (iii) Déan idirdhealú idir aistriú (traschur) **cothrománach** teasa agus aistriú **ingearach** teasa maidir le cothromaíocht dhomhanda fuinnimh.

[3]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b) Déan staidéar ar **Áis 4B** a thaispeánann cuid de na bearta cosanta a úsáideadh i Nua-Eabhrac mar ullmhúchán do Hairicín Irene i Mí Lúnasa 2011.

Áis 4B



© Mario Tama / Getty Images



"2011 New York City Evacuation Zones Map" ©2011, New York City Office of Emergency Management. All rights reserved. "2011 New York City Evacuation Zones Map" used with the permission of the City of New York



© Timothy A Clary / AFP / Getty Images



© AP/Press Association Images



© Timothy A Clary / AFP / Getty Images



© Eduardo Munoz / Reuters / RTR2QDKJ

Úsáid Áis 4B agus do chás-staidéar féin leis an dóigh a phlé ar féidir bearta cosanta hairicín a úsáid le básanna agus dochar do shealúchas a laghdú.

[6]

Scrúdaitheoir Amháin	Athmharc
Marcanna	

Róinn C

Freagair **dhá** cheist **ar bith** as an roinn seo.

- 5 Cuir síos ar agus mínigh na tosca fisiceacha agus daonna is cúis le tuile in abhantrach draenála mhórscála nó sa deilt aici. [12]
- 6 Cuir síos ar agus mínigh na athruithe bitheacha agus aibitheacha a tharlaíonn sa staidéar beagscála nó scála réigiúnach agat ar chomharbas fásra. [12]
- 7 Mínigh foirmiú lagrach fronta meán-domhanleithid agus úsáid do chás-staidéar le hanailís a dhéanamh ar an éifeacht aige ar dhaoine. [12]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Scríobh uimhir gach freagra go soiléir

Scríobh uimhir gach freagra go soiléir

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.